TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2009

ANNUAL REPORT
2009

AN CLÁR

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit don tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2009

Réamhrá

Forléargas ar 2009

Príomhghníomhaíochtaí na bliana 2009

Aguisín A : - Caiteachas an Bhoird 2009

Aguisín B : - Comhaltas an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine

Aguisín C : - Tinreamh ag Cruinnithe Boird 2009

Aguisín D : - Comhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe 2009

Aguisín E : - Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse

Aguisín F : - Dearbhuithe an Chathaoirligh

Aguisín G : - Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aguisín H : - Athbhreithniú ar Cheaduithe Bhabhta 1 mar a bhí i ndeireadh mhí na Nollag 2009

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Don tréimhse 1 Eanáir – 31 Nollaig 2009

Réamhrá:

Ullmhaíodh an tuarascáil seo de réir Alt 10 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Is Bord Stáit neamhthráchtála é an Bord um Chuntais Dhíomhaoine agus tá leagan amach agus ábhar na tuarascála seo curtha in oiriúint chun an seasamh sin a léiriú. Níl feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith ag an mBord agus is aonán é chun beartais a leagan amach agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartais, agus sin amháin. Ina theannta sin, ceanglaíonn An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 ar an mBord, ag tráth nach déanaí ná an 30ú Meitheamh gach bliain, tuairisc ar fheidhmiú a fheidhmeanna le linn na bliana airgeadais roimhe sin a thabhairt agus a áireamh sa tuarascáil:

(a) sonraí faoi na costais agus na speansais a thabhaigh an Bord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht seo,
(b) sonraí faoi thorthaí athbhreithnithe agus measúnuithe faoi alt 31(1)(b) agus
(c) aon eolas eile a shonródh an tAire

Is í seo an ceathrú Tuarascáil ón mBord um Chuntais Dhíomhaoine agus áirítear léi an tréimhse ón 1ú Eanáir 2009 go 31ú Nollaig 2009. Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an Bhoird i rith na bliana, ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur i bhfeidhm oibleagáidí agus feidhmeanna reachtacha agus tugtar cuntas inti ar ghníomhaíochtaí airgeadais. Leagtar amach sonraí faoi chomhaltas an Bhoird, faoi thinreamh ag cruinnithe agus ag fochoistí an Bhoird, mar aon leis na ceanglais reachtúla a bhaineann le tuairisciú a chomhlíonadh, in Aguisín B agus C. Leagtar amach liosta de sholáthraithe seirbhíse in Aguisín E. Leagtar amach dearbhuithe an Chathaoirligh in Aguisín F agus leagtar amach Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais in Aguisín G.

Tá an Bord, agus mise sa mhéid is gur mé an Cathaoirleach, an-bhuíoch as an gcabhair a tháinig ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus as obair fíor-éifeachtach agus ghairmiúil na Rúnaireachta chun tacú le hobair an Bhoird.

Michael Morley
Cathaoirleach

Forléargas ar 2009

Bunaíodh an Bord ar an 4ú Eanáir 2006 tar éis achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005.

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 31(1) den reachtaíocht seo agus is mar seo a leanas atá siad:

(a) plean eisíocaíochtaí airgid faoi Chuid 6, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, de réir Alt 42,

(b) athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ó am go ham-

  (i) ar a mhéid is a comhlíonadh na cuspóirí atá sonraithe sa phlean

  (ii) ar éifeachtacht na straitéisí atá sonraithe sa phlean, agus

  (iii) ar phatrún agus tionchar na n-eisíocaíochtaí faoi Chuid 6, lena n-áirítear a fháil amach ar tharla gníomhaíochtaí nach mbeadh tarlaithe d'uireasa na n-eisíocaíochtaí sin.

(c) tuarascálacha a chur faoi bhráid an Aire faoi alt 45(3).

Soláthraíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, chomh maith leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003 agus an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 creat chun na cuntais neamhéilithe in institiúidí creidmheasa (.i. bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) agus na polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais, a riar. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta sealbhóirí cuntas/polasaí a athcheangal lena gcistí in institiúidí creidmheasa/i ngnóthais árachais agus, maidir leis sin, ceanglaítear ar institiúidí/ar ghnóthais céimeanna a ghlacadh chun úinéirí cuntas díomhaoin agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Aistríonn na hinstitiúidí airgeadais/na gnóthais árachais cuntais dhíomhaoine/polasaithe árachais saoil neamhéilithe, nach bhfuil athéilithe ag an sealbhóir bunaidh cuntais/polasaí ná ag a dtairbhithe, gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar an t-aistriú airgid ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe athéilimh ar a mhaoin/ar a maoin ag an úinéir tairbhiúil tráth ar bith sa todhchaí.

Tugadh isteach scéim le haghaidh eisíocaíocht cistí, nach móide go n-athéileofar iad, faoin reachtaíocht chomh maith. Ba é Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a bhí freagrach i dtús báire as maoirseacht a dhéanamh ar eisíocaíocht an airgid sin as an gCiste. Is é an Rialtas atá freagrach i láthair na huaire as cinntí maidir le heisíocaíochtaí, de bhun achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005. Is é ról an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine comhairle neamhspleách a thabhairt agus gníomhú mar bhreithmheastóir criticiúil maidir le cinntí an Rialtais. Ghlac an Bord um Chuntais Dhíomhaoine freagracht air féin chomh maith maidir leis na cinntí eisíocaíochtaí a rinne iarBhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Ba iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2009:

Príomhghníomhaíochtaí na bliana 2009:

1. Ceaduithe an iarBhoird a bhainistiú

Lean an Bord de bheith ag déanamh maoirseachta ar eisíocaíocht airgid as an gCiste, próiseas a thosaigh an t-iarBhord. Lean Pobal ag riar an chéad bhabhta maoinithe as cuntais dhíomhaoine. Is é ról an Bhoird monatóireacht a dhéanamh ar eisíocaíochtaí, athruithe ar na tionscadail a fhaomhadh agus ceaduithe a chur as feidhm más gá. Bhí níos mó agus níos mó de bhaint ag an mBord, le linn 2009, le cúrsaí riaracháin a bhain le ceaduithe an iarBhoird. Go sonrach bhí líon níos mó de thionscadail a raibh na nithe seo a leanas á lorg acu:

- Fadú ama: Ba ghá an fadú ama chun go mbeadh ar chumas na dtionscadal bailchríoch a chur ar a gcláir chaiteachais. Tréimhsí an-ghearr a bhí i gceist le níos mó agus níos mó díobh le deis a thabhairt do Phobal na héilimh a phróiseáil.
- Ath-leithdháiltí: Baineann na hath-leithdháiltí le cistí a aistriú ó chaipiteal go hioncam nó ó ioncam go caipiteal. Gnáthchleachtas is ea é seo ó tharla gurbh aisteach an rud é dá bhforfheidhmeofaí tionscadal go díreach de réir an iarratais ar dheontas.

Bhí an Bord ar an airdeall i ngach ceann de na catagóirí thuas faoi riachtanais na dtionscnóirí agus d'aontaigh sé leis an iarratas, nuair ab fhéidir é, i gcás go mbeadh an t-iarratas sin taobh istigh de na treoirlínte faofa.

Ina theannta sin, tháinig ardú ar an líon ceaduithe a cuireadh as feidhm go deonach. Tharla sé sin de bharr gur aontaigh tionscadal go deonach iarmhéid nár caitheadh as an tsuim a faomhadh a chur as feidhm. Tarlaíonn sin i gcás:

- nach mbíonn na meastacháin bhunaidh iomlán cruinn
- nach dtéann an tionscadal ar aghaidh mar a bhíonn beartaithe agus faofa
- nach gcaitear an t-airgead go léir a faomhadh
- nach leantar ar aghaidh leis an tionscadal ar chor ar bith

Tháinig méadú chomh maith ar an líon de cheaduithe a cuireadh as feidhm go neamhdheonach, i gcás gur chuir an Bord, agus é ag déanamh de réir mholadh ó Phobal, suim nó iarmhéid den mhéid a faomhadh ar ceal. Tarlaíonn sin den chuid is mó más rud é nach leantar leis an tionscadal nó más rud é gur mian le tionscnóirí an tionscadail leanúint ar aghaidh i slí eile seachas sa tslí a faomhadh i dtús báire. In imthosca den sórt ní bhíonn an dara rogha ag an mBord ach an deontas a chur as feidhm.

Feidhm thábhachtach is ea na ceaduithe faoin gcéad bhabhta a bhainistiú ós go mbaineann impleachtaí airgeadais leis na cinntí a dhéanann an Bord.

Chuir an t-ualach oibre méadaithe seo ualach breise ar Phobal chomh maith agus maidir leis seo, ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt don bhealach fíorghairmiúil trína riarann Pobal na deontais ar son an Bhoird.

Tá achoimre mhionsonraithe ar cheaduithe Bhabhta 1, mar a bhí Nollaig 2009, i gceangal faoin teideal Aguisín H.

Tá an Bord freagrach freisin as an treoir a eisiúint ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun airgead as an gCiste a scaoileadh amach ar Phobal maidir le maoiniú Bhabhta 1.

2. Ullmhú an Phlean nua Eisíocaíochtaí.

D'ullmhaigh an Bord, i gcomhlíonadh na reachtaíochta, Plean nua Eisíocaíochtaí trí bliana. Bunaíodh an Plean nua, atá an-chosúil leis an bPlean a chuaigh roimhe, ar na foinsí maoinithe atá ann. Fuair an Bord trí aighneacht agus an Plean á ullmhú aige:

- An Roinn Oideachais & Eolaíochta
- Cuideachta Forbartha Liatroma
- Ms Orla Casey, Momentum Consultancy.

Seoladh an Plean nua chuig Oifig an Aire.

3. Monatóireacht a dhéanamh ar Phróiseas Iarratais agus Faofa Bhabhtaí de Cheaduithe arna ndéanamh ina dhiaidh sin ag an Rialtas.

Bhí an Bord gníomhach i mbun monatóireachta le linn 2009 ar an dul chun cinn ar bhabhtaí de dheontais a faomhadh arna riar ag na Ranna Rialtais. Bhí an Bord sásta, tríd is tríd, leis an mbealach a cuireadh an próiseas i bhfeidhm ach ba dheacair dó ar uairibh eolas a fháil ar na próisis a tharla i ndáiríre.

Ba chás leis an mBord a chinntiú, go háirithe, chomh fada is a d'fhéadfadh sé, go raibh an próiseas iarratais agus roghnúchán na gcritéar de réir an Phlean Eisíocaíochtaí arna fhaomhadh ag an Rialtas.

Is cóir a thabhairt faoi deara go raibh an Bord níos sásta, go pointe áirithe, sa bhliain 2009 seachas mar a bhí sa bhliain 2008 lena mhéid is a chomhlíon na Ranna Rialtais na critéir arna leagan amach sa Phlean.

4. Clár Iniúchtaí agus Monatóireachta

Tháinig Coiste Iniúchta an Bhoird le chéile faoi dhó i gcaitheamh na bliana. Tionóladh na cruinnithe seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail a d'éiligh do ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh an Bhoird maidir le cur as feidhm. Bhuail Deloitte & Touche, a chuir feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord, leis an gCoiste Iniúchta i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus mar thoradh air sin cinneadh nach raibh gá le clár iniúchtaí sa bhliain 2009. Ba iad na cúiseanna seo a leanas a bhí leis sin:

- Bhí próiseas críochnúil iniúchta san áireamh san athbhreithniú a rinne Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody ar eisíocaíochtaí a rinneadh san am atá caite
- Tá a nósanna imeachta iniúchta féin ag Pobal trína ndéantar athbhreithniú ar a gcórais ar bhonn leanúnach
- Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar Phobal

- léiríodh sna hiniúchtaí go léir atá déanta go dáta ag iniúchóirí an Bhoird go bhfuil na nósanna imeachta íocaíochta stóinsithe agus gur coigeartaíodh neamhrialtachtaí beaga ar bith a aimsíodh.

Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm stóinsithe agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíocfar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.

5. An Próiseas Athbhreithnithe a fheidhmiú

Mar a luaitear i míreanna eile sa tuarascáil seo, ba mhó de réir a chéile an bhaint a bhí ag an mBord leis an bpróiseas a bhain le deontais a chur as feidhm. Aontaíodh, ós go mbaineann an próiseas seo i ndáiríre le deontas a d'fhaomh an t-iarBhord a chur ar ceal, gur ghá bealach a thabhairt do thionscadail den sórt chun athbhreithniú a fháil ar an gcinneadh sin. Dá réir sin, cheap an Bord an Coiste Iniúchta ina Choiste Athbhreithnithe ar thionscadail ar bith ar mhian leo go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh an deontas a chur as feidhm. I rith na bliana, d'iarr líon áirithe tionscadal go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh mar go raibh an Bord tar éis cinneadh a dhéanamh deontas a chur as feidhm. Seasadh leis an gcinneadh an deontas a chur as feidhm i ngach aon chás, beagnach. Ar deireadh thiar, ghlac na hiarratasóirí le cinneadh an Bhoird i ngach aon cheann de na cásanna seo. Fuair an Coiste Athbhreithnithe comhairle dlí maidir le ceann amháin de na cásanna.

Ba chás leis an mBord, áfach, i gcás aon tionscadail amháin, na himthosca a bhain le cirte íocaíochtaí áirithe ar a raibh eisíocaíocht á héileamh ag an gcomhlacht. Tháinig an Coiste Athbhreithnithe le chéile faoi dhó chun doiciméid a athbhreithniú agus táthar ag gabháil den tsaincheist fós.

6. Rialachas Corparáideach agus Riarachán an Bhoird

Tá Cód Iompair Ghnó, a bhaineann go sonrach lena riachtanais féin, aontaithe agus glactha leis ag an mBord agus tá an Cód de réir na gceanglas a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Leagtar amach múnla scothchleachtais de struchtúir rialachais chorparáidigh don Bhord sa chód, lena n-áirítear ceanglais dhlíthiúla, chuntasachta agus ceanglais fhoirmiúla bhainistíochta eile atá sa reachtaíocht, a chomhlíonadh.

Tugann Rúnaireacht ar a bhfuil ball amháin d'fhoireann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta tacaíocht don Bhord. Áiríodh na feidhmeanna seo a leanas ar obair na Rúnaireachta go dáta:

- rúnaireacht éifeachtach a sholáthar ag cruinnithe an Bhoird;
- cuidiú a thabhairt don Bhord le hullmhú an Phlean Eisíocaíochtaí;

Chuaigh an Bord i muinín comhairleoir seachtrach (An tUas. David Lovegrove, iar-Rúnaí Forfás) i dtús báire i mí Feabhra 2006 chun tacú leis an mBord san obair a bhíonn idir lámha aige. Bhí an fheidhm seo faoi réir próiseas iomaíoch tairisceana i dtús na bliana 2008 agus bhronn an Bord conradh trí bliana ar an Uasal Lovegrove dá thoradh.

Áirítear lena ról comhairle a chur ar an mBord i ndáil le hullmhú agus le forfheidhmiú an Phlean Eisíocaíochtaí agus le forfheidhmiú struchtúir chuí rialachais don Bhord agus don Rúnaireacht.

Is cóir a thabhairt faoi deara gur ghlac An tUas. Lovegrove agus Williamson Consulting, an t-aon dá sholáthróir seirbhísí atá ag an mBord a ndearna cinneadh an Rialtais táillí a laghdú faoi 8% difear dóibh, le cinneadh an Rialtais. Ghlac an Bord freisin leis an laghdú i dtáillí Chomhaltaí an Bhoird, de bhun cinneadh Rialtais.

Ina theannta sin, bíonn fáil ag an mBord ar chomhairle neamhspleách dlí de réir mar is gá. Tá Maples and Calder tagtha in áit an ghnólachta KMB Ltd mar sholáthróirí comhairle dlí don Bhord.

7. Williamson Consulting, Dún Muirígh, Béal Feirste
Cheap an Bord Williamson Consulting i gcaitheamh na bliana 2009 chun tabhairt faoi athbhreithniú dar teideal "Evaluation of Alcohol Related Harm Projects funded through Dormant Accounts Fund ". Ceapadh an chuideachta tar éis nós imeachta iomlán tairisceana arna riar ag Pobal. Tá go leor eolais le baint as tuarascáil eatramhach na cuideachta agus tá súil ag an mBord an tuarascáil deiridh a fháil go luath.

8. Ábhair eile Boird
Bhí trí shaincheist eile a raibh an Bord ag gabháil dóibh i gcaitheamh na bliana 2009:

i) Méadú an Chiste
Is ábhar é ídiú an Chiste atá fós ina údar imní ag an mBord. Dá bharr sin rinne sé teagmháil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis an Roinn Airgeadais maidir le fiosrú a dhéanamh faoi fhoinsí nua airgeadais a d'fhéadfaí a chur ar fáil don Chiste. Glacadh go maith i dtús báire le cur chuige an Bhoird ach díríodh aird ar nithe eile, áfach, de réir mar a bhí an ghéarchéim airgeadais ag neartú.

ii) Fad na tréimhse Díomhaointis
Tá an Bord den tuairim go bhfuil an cúlchiste atá le hiompar (chun foráil d'éilimh ar an gCiste sa todhchaí) iomarcach. Dá mba rud é go bhféadfaí an tréimhse ama a ghiorrú, d'fhágfadh sin go bhféadfadh airgead a bheadh ar fáil don Chiste, a bheith ann. Ó tharla go bhfuil an Ciste ann le beagnach deich mbliana tá an chosúlacht air nach mbeidh ardú as cuimse ar an éileamh ar athíocaíochtaí.

iii) Todhchaí an Bhoird agus a Fheidhmeanna
Áirítear Bille um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) le clár reachtach an rialtais don bhliain 2010 ina ndéanfar foráil, de réir mar a thuigtear, do dheireadh a chur le Bord na gCuntas Díomhaoin, ar bhonn tuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Uimhreacha agus Cláir Chaiteachais na Seirbhíse Poiblí.

Ó tharla go mbeidh Ciste na gCuntas Díomhaoin ann i gcónaí – agus go bhféadfadh go méadófaí é – tá comhaltaí Boird tar éis a chur in iúl gur údar mór imní dóibh go mb'fhéidir gur bhréagbharainneacht a bheadh ann deireadh a chur leis an mBord agus scaradh leis na feidhmeanna

maoirseachta/breithmheasa chriticiúil agus rialaithe a chomhlíonann sé. I ndáiríre, b'fhéidir go dtiocfadh sé salach ar chur i gcrích "athchóiriú chun éifeachta na bhfeidhmeanna" i measc na Rann agus na ngníomhaireachtaí éagsúla a mbíonn baint acu le heisíocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste. Tá an Bord den tuairim gur chomhlíon sé a fheidhmeanna sna réimsí seo go hardchaighdeán, agus go bhfuil gnéithe ríthábhachtacha a bhaineann le feidhmiú Ciste Cuntais Dhíomhaoine reachtúil ar chóir iad a bheith á gcomhlíonadh ag Bord um Chuntais Dhíomhaoine.

Tá súil ag an mBord nuair a fhoilseofar an Bille go dtiocfaidh toradh ar mholtaí atá sa timpeall le tamall maidir leis an sreabhadh airgid isteach sa Chiste a mhéadú as foinsí den sórt seo a leanas: díbhinní neamhéilithe cuideachta, comharduithe díomhaoine i gcuntais cliaint dlíodóirí agus i gcuntais dhíomhaoine i gcomhair chreidmheasa. Is réimsí casta iad na foinsí féideartha nua ioncaim seo agus teastóidh comhlacht críochnúil neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh ar a gcomhcheangal leis an gCiste, chun deis ionadaíochta a thabhairt do na toghlaigh /páirtithe leasmhara ábhartha, chun beartais a leagan síos maidir le heisíocaíocht agus chun a chinntiú go ndéanfar dea-rialú a chothabháil.

Aguisín A

Caiteachas 2009

	Ní	Méid €
Táillí an Bhoird 2009 (ÍMAT san áireamh)		71,375.00
Costais an Bhoird:		
Taisteal & Liúntas Cothaithe	2,499.24	
Costais ó chruinnithe	1,380.25	3,879.49
Táillí Comhairleoireachta:		
Comhairleoir an Bhoird:-		
Táille	28,441.20	
CBL	6,100.61	124,115.72
Goodbody	80,631.51	
Williamson	8,942.40	
Costais árachais	10,140.00	10,140.00
Gréasán		
Eirtrade	81.41	81.41
Aistriúchán	873.46	873.46
Iomlán		**210,465.08**

Is € 210,465.08 don bhliain 2009, agus € 199,907.73 don bhliain 2008 agus € 226,177.73 don bhliain 2007, an chomparáid atá le déanamh idir na figiúirí

Aguisín B

Comhaltaí Boird an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine 2009

Cathaoirleach

Michael Morley (Iar-Rúnaí/Rialtóir Airgeadais ar Chomharchumann Connacht Gold)

Comhaltaí

Kate Feely (Príomh-Oibrí Sóisialta i Sláinte Leanaí agus Déagóirí) - athcheaptha 8 Eanáir 2009
Marian Hackett (Príomhoide Scoile) - athcheaptha 9 Deireadh Fómhair 2009
Áine Hyland (Leas-Uachtarach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar scor)
Rosaleen Glackin (An Coimisinéir um Chearta, An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais) - athcheaptha 1 Aibreán 2009
Noel McPartland (Stiúrthóir Cuideachta, gníomhach i ngrúpaí carthanúla agus grúpaí pobail) – athcheaptha 1 Aibreán 2009
Mary Maguire (Riarthóir Fostaíochta Pobail)
David Martin (Stiúrthóir Cuideachta) – athcheaptha 8 Eanáir 2009
Colin Wilson (Comhairleoir Cláraithe Cánach)
Des Gunning (iar-Ghobharnóir, An tOspidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe)
Eimer O'Rourke (Ceann na Baincéireachta Miondíola, Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann)

Aguisín C

Taifead Tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird 2009:

Tionóladh 10 gcruinniú Boird san iomlán sa bhliain 2009. Taispeántar taifead tinrimh Chomhaltaí an Bhoird don bhliain 2009 thíos:

Comhalta	Na cruinnithe a ndearnadh freastal orthu	Líon na gcruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu
Michael Morley	10	10
Kate Feely	8	10
Rosaleen Glackin	6	8
Marian Hackett	9	10
Áine Hyland	8	10
David Martin	8	10
Noel Mc Partland	8	8
Mary Maguire	6	10
Colin Wilson	10	10
Des Gunning	10	10
Eimer O'Rourke	5	10

Aguisín D

Fochoistí an Bhoird

Comhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe sa bhliain 2009:

Bunaíodh an Coiste Iniúchta sa bhliain 2006 agus cuireann sé feidhm athbhreithnithe neamhspleách agus feidhm chomhairleach ar fáil i gcomhar leis an mBord i ndáil le leorgacht agus éifeachtúlacht na rialuithe agus na gcóras agus a n-oibríocht. Tionóladh an Coiste seo faoi dhó sa bhliain 2009.

Comhalta	Na cruinnithe a ndearnadh freastal orthu	Líon Iomlán na gCruinnithe
David Martin	2	2
Marian Hackett	2	2
Colin Wilson	2	2

Aguisín E

Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse sa bhliain 2009

Tugadh faoi deara go raibh conradh ag na soláthraithe seirbhíse seo a leanas leis an mBord.

- **Árachas**

Tar éis próiseas tairisceana le linn 2003 d'éirigh le Marsh Ireland Teo. ina iarratas ar an gconradh chun clár árachais a chur ar fáil do Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin. Fuarthas cead an Aire don cheapachán seo agus lean Marsh Ireland Teo. ag soláthar na seirbhíse seo don Bhord tar éis a bhunaithe i mí Eanáir 2006. Is fiú a chur in iúl go bhfuil an phréimh bhliantúil ar árachas an Bhoird ag ísliú go leanúnach ó tharla go bhfuil an dliteanas ag laghdú. Ina theannta sin, ba mhór an laghdú a tháinig ar an bpréimh don bhliain 2009 tar éis don Bhord idirghabháil a dhéanamh.

- **Comhairleoir an Bhoird**

Cheadaigh an Bord i mí Feabhra na bliana 2008 ceapachán de dhuine/soláthraí ag a mbeadh na cáilíochtaí cuí chun seirbhís chomhairleach a sholáthar don Bhord chun cuidiú leis a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Tar éis próiseas tairisceana d'éirigh le David Lovegrove de chuid Lovegrove & Associates ina iarratas ar an gconradh chun seirbhísí comhairleacha a sholáthar don Bhord. Fuarthas cead an Aire don cheapachán seo.

- **Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody**

Bhunaigh an Bord comhaontú ilpháirtí idir chomhairleoirí eacnamaíocha oiriúnacha ar chreat 3 bliana i mí an Mhárta 2007 chun seirbhísí a sholáthar chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar phleananna agus ar straitéisí maidir le heisíocaíochtaí as an gCiste. Bronnadh an conradh bunaidh (chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bhí eisíocaíochtaí san am atá caite agus chun moltaí a thabhairt ar shraith beart a chuirfí i bhfeidhm ar athbhreithnithe sa todhchaí) ar Chomhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody i mí an Mhárta 2007. Bronnadh conradh eile ar Chomhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gceaduithe a faomhadh faoi Bhabhta 2 de scéim maoinithe na gCuntas Díomhaoin agus a mhéid is a chomhlíon na ceaduithe sin an reachtaíocht ábhartha agus Plean Eisíocaíochtaí an Bhoird. Áiríodh Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody sa chuid seo ar an mbunús go bhfuair siad íocaíocht sa bhliain 2009, ar shuim í a bhí dlite ar obair a rinneadh sa bhliain 2008.

- **Williamson Consulting**

D'éirigh le Williamson Consulting, Dún Muirígh, Béal Feirste ina n-iarratas ar chonradh chun tabhairt faoi mheastóireacht ar na bearta maidir le Díobháil Bainteach le hAlcól, a maoiníodh faoin gcatagóir Míbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Tá cúram reachtúil ar an mBord athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid is a comhlíonadh na cuspóirí atá sonraithe i bPlean Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin 2006 agus a éifeachtaí is atá a straitéisí agus a eisíocaíochtaí. Fuarthas cead an Aire chun dul i mbun na comhairleoireachta seo. Tá

an chéad dréacht den Tuarascáil faighte agus tá a machnamh déanta ag an mBord air agus táthar ag súil leis an Tuarascáil deiridh, mar aon le moltaí a bheidh inti, faoi dheireadh an Mhárta 2010.

Aguisín F

Dearbhuithe an Chathaoirligh:

1. Dearbhaím gur cuireadh na nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus soláthar i bhfeidhm. Tá Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr Comhalta Boird, bunaithe ag an mBord agus tá Téarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord, ag an gCoiste. Tionóltar an Coiste Iniúchta go rialta agus tá clár iniúchtaí glactha aige atá á fhorfheidhmiú ag na hiniúchóirí inmheánacha.

   Ceanglaím leis seo ráiteas (Aguisín G) de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird san fhormáid atá leagtha amach in Aguisín E den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit.

2. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nár bhunaigh an Bord fochuideachtaí nó comhfhiontair ar bith ná nach bhfuair sé scaireanna ar bith ná nach ndeachaigh sé i mbun gníomhaíochtaí ar bith den sórt sin.

3. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nach bhfuair an Bord sócmhainní ar bith de chineál tráchtála agus nár chuir an Bord sócmhainní ar bith de láimh.

4. Dearbhaím gur cloíodh leis an gCód Iompair Ghnó a d'fhorbair agus a ghlac an Bord.

5. Deimhním go bhfuil treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Comhaltaí Boird Stáit, á gcomhlíonadh. Maidir leis seo, tá íocaíocht na dtáillí le Comhaltaí an Bhoird de réir an cheadaithe a bhí faighte ón Aire Airgeadais.

6. Deimhním, seachas an breithmheas a tugadh ar mholtaí ó Phobal maidir le ceaduithe atá tugtha cheana féin a leithdháileadh arís nó a chur as feidhm, nár thug an Bord faoi bhreithmheas ná bainistiú ar thograí caiteachais chaipitil ar bith le linn na tréimhse atá idir lámha sa tuarascáil seo dá thairbhesean de.

7. Deimhním gur chomhlíon an Bord a dhualgais faoi na dlíthe cánach.

8. Deimhním go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus go bhfuiltear á chomhlíonadh go hiomlán de réir mar is cuí i gcás Bord Stáit neamhthráchtála.

_____

Michael Morley
Cathaoirleach
22 Márta 2009

Aguisín G

Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Is é/í Cathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine atá freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Bunaíodh Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr comhalta den Bhord, agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird. Tá feidhmeanna, dualgais agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta faofa ag an mBord.

Níl na hacmhainní riaracháin ag an mBord chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmiú go díreach uaidh féin agus dá bhrí sin ghlac sé saineolas seachtrach chun tabhairt faoin ról seo ar a shon. Ceapadh Deloitte & Touche mar iniúchóirí inmheánacha don iarBhord agus lean an Bord reatha air ag úsáid a gcuid seirbhísí. Tuairiscíonn na hiniúchóirí inmheánacha, trí bhíthin Chathaoirleach an Choiste sin, go díreach chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Plean Straitéiseach Iniúchta Inmheánaigh ullmhaithe ag Deloitte agus sonraítear ann an ghníomhaíocht iniúchta atá le déanamh. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an bPlean seo agus d'fhaomh sé é. Lean Deloitte orthu le linn 2006 ag forfheidhmiú an phlean seo. Ós rud é, áfach, go bhfuil laghdú tagtha ar fhreagrachtaí an Bhoird laghdaíodh réim an chláir iniúchta sa bhliain 2008 agus d'aontaigh an Bord ina dhiaidh sin nár ghá feidhm iniúchta a bheith aige.

Nuair a bhíonn na hiniúchóirí inmheánacha i mbun oibre tástáiltear réimsí sonracha atá clúdaithe faoi chairt an Choiste Iniúchta chun a chinntiú go mbíonn an Bord ag comhlíonadh na gceanglas go léir. Tá athbhreithniú déanta ag na hiniúchóirí inmheánacha chomh maith ar na córais atá i bhfeidhm i bPobal i ndáil lena ról chun an clár maoinithe a riar.

Is beag an baol go ndéanfaí drochbhainistiú ar chúrsaí airgeadais ó tharla an sainordú atá ag an mBord, arna leagan amach sa reachtaíocht, a bhaineann le beartais a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus gan feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith a bheith i gceist. Tá nósanna imeachta soláthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta glactha ag an mBord. Ina theannta sin is í Rannóg Cuntasaíochta na Roinne a phróiseálann na híocaíochtaí go léir a bhaineann le gníomhaíochtaí an Bhoird agus ní mór cloí le nósanna imeachta go léir na Roinne ina dtaobh sin.

Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm stóinsithe agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíoctar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.

Aguisín H

Athbhreithniú ar Cheaduithe Bhabhta 1 mar a bhí i ndeireadh mhí na Nollag 2009

Faomhadh 521 deontas san iomlán faoi Bhabhta 1 idir 2004-2005 agus b'ionann an tiomantas maoinithe sin agus €63,082,816. Bhí de thoradh ar an 521 deontas a faomhadh gur 557 iontráil a cuireadh isteach sna Cuntais Bhainistíochta (féach Tábla 3). Is í an chúis atá leis sin go raibh buiséad Caipitil & Oibríochta ag gabháil le líon áirithe de na deontais a faomhadh. Riar Pobal 'Beart do Mhaoiniú Leanúntais' i gcomhair tionscadail oibríochta Bhabhta 1 a raibh iarratais á ndéanamh acu ar mhaoiniú príomhshrutha ó ghníomhaireachtaí poiblí faoi Bhabhta 3 agus tugadh tacaíocht leanúnach maoinithe sa bhreis do 45 tionscadal sa bhliain 2009. Ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a tháinig an maoiniú don bheart leanúntais.

TÁBLA 1 (a): BABHTA 1 D'ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2009

CISTE NA GCUNTAS DÍOMHAOIN BABHTA 1 D'ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2009		
Catagóir	**Tionscadail a fuair Íocaíocht**	**Iomlán na nÍocaíochtaí €**
Míbhuntáiste Eacnamaíoch & Sóisialta	71	1,924,036
Míbhuntáiste Oideachais	48	919,652
Daoine faoi mhíchumas	35	1,638,680
Iomláin	**154**	**4,482,368**

TÁBLA 1 (b): BABHTA 1 D'AISÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2009

CISTE NA GCUNTAS DÍOMHAOIN BABHTA 1 D'AISÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAIS 2009		
Catagóir	**Tionscadail a d'Aisíoc**	**Iomlán na nAisíocaíochtaí €**
Míbhuntáiste Eacnamaíoch & Sóisialta	10	47,959
Míbhuntáiste Oideachais	5	46,022
Daoine faoi mhíchumas	1	478
Iomláin	**16**	**94,459**

TÁBLA 2: BABHTA 1 – STÁDAS NA N-IARRATAS FAOFA

Líon na nIontrálacha Faofa sna Cuntais Bhainistíochta	Méid a faomhadh	Críochnaithe	Á nÍoc	Roimh an gConradh (Gan íocaíocht déanta)	Sa Phróiseas chun an Deontas a chur As Feidhm (go hIomlán/i bPáirt)	Curtha as feidhm 100%
557	€63,082,816	486	40	2	7	22

Ba 83% den mhaoiniú tiomanta a bhí tarraingthe anuas i ndeireadh mhí na Nollag 2009 agus ba 7% an méid a bhí fágtha agus a bhí le héileamh ag deontaithe. Tugtar achoimre i dTábla 3 thíos ar an dul chun cinn a rinneadh faoi gach ceann de na sprioc-chatagóirí.

TÁBLA 3: FORLÉARGAS AR BHABHTA A HAON MAR A BHÍ 31^{Ú} NOLLAIG 2009 (FOINSE: CUNTAIS BHAINISTÍOCHTA PHOBAL)

Íocaíochtaí Deontais	Líon Grúpaí	Deontais a Faomhadh	Curtha as Feidhm	Iomlán Glan de Cheaduithe	Go Dáta	Iarmhéid maidir le Tarraingt Anuas	Iarmhéid %
		€	€	€	€	€	
Catagóir (A) - Míbhuntáiste Sóisialta agus Eacnamaíoch - Caipiteal	129	19,276,378	-1,332,808	17,943,570	14,789,585	3,153,985	18%
Catagóir (A) - Míbhuntáiste Sóisialta agus Eacnamaíoch - Oibríocht	139	11,656,615	-295,427	11,361,188	11,123,308	237,880	2%
Iomlán Chatagóir (A) - Míbhuntáiste Sóisialta agus Eacnamaíoch	**268**	**30,932,993**	**-1,628,235**	**29,304,758**	**25,912,894**	**3,391,864**	**12%**
Catagóir (B) - Míbhuntáiste Oideachais - Caipiteal	34	1,969,900	-414,098	1,555,802	1,540,543	15,259	1%
Catagóir (B) - Míbhuntáiste Oideachais – Oibríocht	137	11,796,848	-721,408	11,075,440	10,936,042	139,398	1%
Iomlán Chatagóir (B) - Míbhuntáiste Oideachais	**171**	**13,766,748**	**-1,135,506**	**12,631,242**	**12,476,585**	**154,657**	**1%**
Catagóir (C) - Daoine faoi Mhíchumas - Caipiteal	66	14,457,815	-1,239,118	13,218,697	12,988,658	230,039	2%
Catagóir (C) - Daoine faoi Mhíchumas - Oibríocht	52	3,925,260	-103,624	3,821,636	3,651,775	169,861	4%
Iomlán Chatagóir (C) - Daoine faoi Mhíchumas	**118**	**18,383,075**	**-1,342,742**	**17,040,333**	**16,640,433**	**399,900**	**2%**
Iomlán Íocaíochtaí Deontais	**557**	**63,082,816**	**-4,106,483**	**58,976,333**	**55,029,912**	**3,946,421**	**7%**

TÁBLA 4: GRÚPAÍ A RAIBH ÍOCAÍOCHT Á FÁIL GO LEANÚNACH ACU SA BHLIAIN 2009 DE RÉIR CATAGÓIRE

Babhta 1

		Líon Íoctha	€ Íoctha
F	Caipiteal	35	1,401,367
	Oibríocht	37	522,669
	Iomlán (Tá Maoiniú Caipitil & Oibríochta ag 1 Grúpa)	**72**	**1,924,036**
B	Caipiteal	6	149,438
	Oibríocht	43	770,214
	Iomlán (Tá Maoiniú Caipitil & Oibríochta ag 1 Grúpa)	**49**	**919,652**
T	Caipiteal	20	1,382,328
	Oibríocht	18	256,352
	Iomlán (Tá Maoiniú Caipitil & Oibríochta ag 3 Ghrúpa)	**38**	**1,638,680**
Iomlán Bhabhta 1		**159**	**4,482,368**

Tábla 5 Stádas na nIarratas Faofa mar a bhí 31ú Nollaig 2009

Stádas an Tionscadail	**Catagóir A - Míbhuntáiste Eacnamaíoch & Sóisialta**		**Catagóir B - Míbhuntáiste Oideachais**		**Catagóir C - Daoine faoi Mhíchumas**		**Iomlán - Na Catagóirí go léir**	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Críochnaithe	234	87.3%	152	88.9%	100	84.8%	486	87.2%
Á nÍoc	20	7.5%	7	4.1%	13	11.0%	40	7.2%
Roimh an gConradh	2	0.7%	0	0.0%	0	0.0%	2	0.4%
Sa Phróiseas chun an Deontas a chur As Feidhm	5	1.9%	1	0.6%	1	0.8%	7	1.3%
Curtha as feidhm 100%	7	2.6%	11	6.4%	4	3.4%	22	3.9%
Iomlán	268	100.0%	171	100.0%	118	100.0%	557	100.0%

Dúnadh Bheart Bhabhta 1

Seoladh Babhta 1 de na Cuntais Dhíomhaoine i mí na Samhna 2003 agus faomhadh an chéad chuid de na tionscadail sa bhliain 2004. D'fheidhmigh na tionscadail go léir a maoiníodh faoi Bhabhta 1 taobh istigh de chonradh a raibh scála ama 3 bliana leis d'fhonn deis a thabhairt dóibh a dtionscadail a sheachadadh de réir a n-aidhmeanna agus a gcuspóirí. Cé go ndearna Pobal iarracht cuidiú leis na tionscadail seo lena seachadadh taobh istigh den scála ama lorg roinnt tionscadal faomhadh an Bhoird chun fadú ama a fháil taobh amuigh de thréimhse 3 bliana an chonartha. Bhain an dara cuid díobh le tionscadail Chaipitil mar gur choinnigh saincheisteanna amhail cead pleanála, agus araile moill ar dháta tosaithe go leor de na tionscadail.

D'oibrigh Pobal go dlúth leo siúd atá luaite roimhe seo chun a chinntiú go seachadfaí an tionscadal agus go léireofaí luach ar airgead. Sa dara leath den bhliain 2008 bhreathnaigh Pobal ar thionscadail ar theip orthu cloí le scála ama an chonartha ach nach bhféadfaí sin a cheangal le fachtóirí seachtracha amhail cead pleanála, agus araile. Léirigh na grúpaí áirithe seo easpa cumais ó thaobh a dtionscadail a sheachadadh de réir na n-aidhmeanna agus na gcuspóirí ar a raibh a bhfaomhadh bunaithe. D'oibrigh Pobal go dlúth le roinnt mhaith de na tionscadail sin ionas gur éirigh lena bhformhór an íocaíocht iomlán a fháil sa bhliain 2009.